2026/2384

22.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2384 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear den 363ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1), pointe (a), agus Airteagal 7a(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis a chumhdaítear leis an reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(2) An 15 Deireadh Fómhair 2026, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe de bhun Rúin 1267(1999), 1989(2011) agus 2253(2015) leasú a dhéanamh ar na sonraí aitheantais maidir le hiontrálacha áirithe ar liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag na bearta sriantacha maidir leo.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Thar ceann an Uachtaráin

Ard-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 139, 29.5.2002, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/881/oj.

IARSCRÍBHINN

(a) Déantar na sonraí aitheantais le haghaidh an iontrála seo a leanas faoin gceannteideal 'Daoine nádúrtha' in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú mar a leanas:

'Mounir El Motassadeq (ar a dtugtar freisin Mounir el Moutassadeq). Seoladh: An Ghearmáin. Dáta breithe: 3.4.1974. Áit bhreithe: Marrakech, Maracó. Náisiúntacht: Maracach. Pasuimhir: H 236483 (pas Maracach). Uimhir aitheantais náisiúnta: E-491591 (cárta aitheantais náisiúnta Maracach) Faisnéis eile: (a) i bpríosún sa Ghearmáin, (b) is é Brahim Brik ainm a athar. Is é Habiba Abbes ainm a mháthar. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2a (4)(b): 30.9.2002.'

cuirtear an méid seo a leanas in ionad ...:

'Mounir El Motassadeq (sa bhunscríbhinn : منير المتصدق) (ainm bréige láidir: Mounir el Moutassadeq). Dáta breithe: 3.4.1974. Áit bhreithe: Marrakech, Maracó. Náisiúntacht: Maracach. Pasuimhir: H 236483 (pas Maracach). Uimhir aitheantais náisiúnta: E-491591 (cárta aitheantais náisiúnta Maracach) Seoladh: Marrakech, Maracó. Faisnéis eile: (a) Gabhadh é an 28.11.2001 agus fuarthas ciontach é sa Ghearmáin i bheith ina chomhpháirtí le dúnmharú agus i bheith ina chomhalta d'eagraíocht sceimhlitheoireachta agus gearradh téarma príosúnachta 15 bliana air an 8.1.2007; (b) Díbríodh ón nGearmáin go Maracó é i mí Dheireadh Fómhair 2018; (c) is é Brahim Brik ainm a athar. Is é Habiba Abbes ainm a mháthar. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 30.9.2002.'

(b) Déantar na sonraí aitheantais le haghaidh an iontrála seo a leanas faoin gceannteideal 'Daoine dlítheanacha, grúpaí agus eintitis' in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú mar a leanas:

'Tehrik-e Taliban Pakistan (TTP) (ar a dtugtar freisin (a) Tehrik-I-Taliban Pakistan, (b) Tehrik-e-Taliban, (c) Pakistani Taliban, (d) Tehreek-e-Taliban). Faisnéis eile: (a) Tá Tehrik-e Taliban lonnaithe sna limistéir threibheacha feadh theorainn na hAfganastáine/na Pacastáine; (b) Bunaíodh in 2007 é, agus tá Maulana Fazlullah i gceannas air. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2a (4) (b): 29.7.2011.'

cuirtear an méid seo a leanas in ionad ...:

'Tehrik-e Taliban Pakistan (TTP) (sa bhunscríbhinn: تحریک طالبان پاکستان) (ar a dtugtar freisin: (a) Tehrik-I-Taliban Pakistan, (b) Tehrik-e-Taliban, (c) Pakistani Taliban, (d) Tehreek-e-Taliban). Faisnéis eile: (a) Tá Tehrik-e Taliban lonnaithe sna limistéir threibheacha feadh theorainn na hAfganastáine/na Pacastáine; (b) Bunaíodh in 2007 é, agus is é Noor Wali Mehsud a cheannaire. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 29.7.2011.'